



**<u>Réamhrá</u>**

Cuireann oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS) deiseanna sonracha ar fáil chun forbairt phearsanta, sláinte agus folláine an pháiste aonair a chothú, chun cuidiú leis/léi caidreamh tacúil a chruthú agus a choinneáil agus bheith ina s(h)aoránach gníomhach freagrach sa tsochaí. Trí chlár don OSPS atá pleanáilte agus comhsheasmhach ar fud na scoile, is féidir le páistí creatlach de luacha, dearcadh, tuiscint agus scileanna a fhorbairt a thabharfaidh treoir dá gcinntí agus dá ngníomhartha san am i láthair agus san am atá le teacht.

**Bunús**

Cuireann an phlean seo le prionsabail agus ábhair an Curaclam Athbhreithnithe (1999). Chuireamar an phlean le chéile mar fhoireann iomlán. Is tuairisc é an phlean seo d'ár gcleachtais mhaith san Oideachais Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

**<u>Fís</u>**

*"Tá sé d'aidhm ag OSPS Féin mheas agus féinmhuinín a chothú agus leagann sé béim faoi leith ar mhothú d'fhreagracht phearsanta as iompair agus as gníomhartha an duine féin. Cothaíonn OSPS féinfheasacht agus tuiscint trí cabhrú le páistí a gcuid mothúchán féin a ainmniú agus a bhainistiú, chun aitheantas a thabhairt agus meas a bheith acu ar inniúlachtaí an duine aonair, agus chun déileáil le hathruithe de gach saghas. Is féidir leo foghlaim conas a n-iompar féin a bhainistiú agus conas spriocann pearsanta a leagan amach agus a bhaint amach laistigh de thimpeallacht shábháilte thacúil. Méadóidh a leithéid d'fhorbairt phearsanta mothú an pháiste gur féidir leis/léi a bheith éifeachtúil agus cabhróidh sé leis/léi níos mó smachta a bheith aige/aici ar a s(h)aol féin."*





**<u>Aidhmeanna</u>**

(An Curaclam Athbhreithnithe, 1999)

- Tá mar aidhmeanna ag oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte forbairt phearsanta agus fholláine an pháiste a chur chun cinn.
- Mothú cúraim agus measa ina leith féin agus i leith daoine eile a chothú sa pháiste mar aon le léirthuiscint ar dhínit an uile dhuine.
- Sláinte an pháiste a chur chun cinn agus bunús don bheatha shláintiúil ina gnéithe iomadúla a chur ar fáil.
- A chur ar chumas an pháiste cinntí agus roghanna gaoiseacha a dhéanamh maidir le gnéithe sóisialta, pearsanta agus sláinte an tsaoil anois agus amach anseo.
- Mothú freagrachta sóisialta, gealltanas do shaoránacht ghníomhach rannpháirteach, agus léirthuiscint ar an saol daonlathach a fhorbairt sa pháiste.
- A chur ar chumas an pháiste ómós a thabhairt d'éagsúlacht dhaonna is cultúir agus nádúr idirspleách an domhain a chiallú agus a léirthuiscint.

**Na Cláir**

Baintear úsáid as na cláir seo  chun cuir leis  an gCuraclam ;

| An Clár Bí Sábhailte | An Clár BusyBodies | Misneach | O.C.G |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |






Moltar freisin  leas a bhaint as  an leabhrán

“Making the Links “ ón    PDST

https://pdst.ie/sites/default/files/MakingTheLinks_1.pdf

Beidh na Cláir seo ar fáil sa Seomra Tacaíocht Foghlama agus iarrtar ar oidí iad a fhágáil ar ais tar éis dóibh iad a úsáid.

**<u>Pleanáil Curaclam</u>**

**Ranganna Naíonáin Shóisir agus Shinsir:- Foramharc**

| Snáitheanna | Snáithaonaid |
|---|---|
| **Mise:** | ☐ Féinaithne<br>- Féinfheasacht<br>- Ag forbairt féinmhuiníne<br>- Ag déanamh cinntí |
| | ☐ Ag tabhairt aire do mo chorp<br>- Bheith eolach ar mo chorp<br>- Bia agus cothú |
| | ☐ Ag fás agus ag athrú<br>- Athraím agus mé ag fás<br>- Beatha nua<br>- Braistiní agus mothúcháin |
| | ☐ Sábháilteacht agus cosaint<br>- Sábháilteacht phearsanta<br>- Saincheisteanna sábháilteachta |
| **Mise agus daoine eile:** | ☐ Mise agus mo theaghlach<br>☐ Mo chairde agus daoine eile<br>☐ Caidreamh le daoine eile |
| **Mise agus an domhan mór:** | ☐ Ag forbairt saoránachta<br>- Pobal mo scoile<br>- Ag maireachtáil sa phobail áitiúil<br>- Cúram imshaoil (Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram imshaoil' in OSIE: eolaíocht agus tíreolaíocht)<br>☐ Oideachas na meán cumarsáide |

**Ranganna 1 agus 2: Foramharc**

| Snáitheanna | Snáithaonaid |
|---|---|
| **Mise:** | ☐ Féinaithne<br>- Féinfheasacht<br>- Ag forbairt féinmhuiníne<br>- Ag déanamh cinntí |
| | ☐ Ag tabhairt aire do mo chorp<br>- Bheith eolach ar mo chorp<br>- Bia agus cothú |

| | |
|---|---|
| | ☐ Ag fás agus ag athrú<br>- Athraím agus mé ag fás<br>- Beatha nua<br>- Braistiní agus mothúcháin |
| | ☐ Sábháilteacht agus cosaint<br>- Sábháilteacht phearsanta<br>- Saincheisteanna sábháilteachta |
| **Mise agus daoine eile:** | ☐ Mise agus mo theaghlach<br>☐ Mo chairde agus daoine eile<br>☐ Caidreamh le daoine eile |
| **Mise agus an domhan mór:** | ☐ Ag forbairt saoránachta<br>- Pobal mo scoile<br>- Ag maireachtáil sa phobail áitiúil<br>- Cúram imshaoil (Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram imshaoil' in OSIE: eolaíocht agus tíreolaíocht)<br>☐ Oideachas na meán cumarsáide |

**Ranganna 3 agus 4: Foramharc**

| Snáitheanna | Snáithaonaid |
|---|---|
| **Mise:** | ☐ Féinaithne<br>- Féinfheasacht<br>- Ag forbairt féinmhuinine |
| | ☐ Ag tabhairt aire do mo chorp<br>- Sláinte agus folláine<br>- Bheith eolach ar mo chorp<br>- Bia agus cothú |
| | ☐ Ag fás agus ag athrú<br>- Athraím agus mé ag fás<br>- Beatha nua<br>- Braistiní agus mothúcháin |
| | ☐ Sábháilteacht agus cosaint<br>- Sábháilteacht phearsanta<br>- Saincheisteanna sábháilteachta |
| **Mise agus daoine eile:** | ☐ Mise agus mo theaghlach<br>☐ Mo chairde agus daoine eile<br>☐ Caidreamh le daoine eile<br>- ag déanamh cumarsáide<br>- ag réiteach coimhlinte |

| | |
|---|---|
| **Mise agus an domhan mór:** | ☐ Ag forbairt saoránachta<br>- Pobal mo scoile<br>- Pobal áitiúla agus pobail níos leithne<br>- Cúram imshaoil (Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram imshaoil' in OSIE: eolaíocht agus tíreolaíocht)<br>☐ Oideachas na meán cumarsáide |

**Ranganna 5 agus 6: Foramharc**

| Snáitheanna | Snáithaonaid |
|---|---|
| **Mise:** | ☐ Féinaithne<br>- Féinfheasacht<br>- Ag forbairt féinmhuiníne |
| | ☐ Ag tabhairt aire do mo chorp<br>- Sláinte agus folláine<br>- Bheith eolach ar mo chorp<br>- Bia agus cothú |
| | ☐ Ag fás agus ag athrú<br>- Athraím agus mé ag fás<br>- Breith Beatha nua<br>- Braistiní agus mothúcháin |
| | ☐ Sábháilteacht agus cosaint<br>- Sábháilteacht phearsanta<br>- Saincheisteanna sábháilteachta<br>☐ Ag déanamh cinntí |
| **Mise agus daoine eile:** | ☐ Mise agus mo theaghlach<br>☐ Mo chairde agus daoine eile<br>☐ Caidreamh le daoine eile<br>- ag déanamh cumarsáide<br>- ag réiteach coimhlinte |
| **Mise agus an domhan mór:** | ☐ Ag forbairt saoránachta<br>- Ag maireachtáil sa phobail áitiúil, pobail náisiúnta agus Eorpacha agus pobail níos leithne<br>- Cúram imshaoil (Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram imshaoil' in OSIE: eolaíocht agus tíreolaíocht)<br>☐ Oideachas na meán cumarsáide |

**<u>Páistí le Riachtanaisí Éagsúla</u>:**
Ba chóir go mbeadh deis ag gach páiste páirt a ghlacadh i raon iomlán de na heispéiris a sholáthraítear in OSPS agus tairbhe a bhaint astu. Le linn pleanála, don OSPS ba chóir an raon difríochta laistigh den scoil a chur san áireamh i dtreo go dtabharfaí deis do gach páiste an tairbhe is nó a bhaint as an gclár.

**Seo a leanas roinnt straitéisí in úsáid ag múinteoirí chun cinntiú go mbeidh gach páiste páirteach sa chlár OSPS sa scoil:**

- ☐ Comhrá agus díospóireacht chun cinntiú go mbeidh páistí le deacrachtaí litearthachta páirteach sa rang.

- ☐ Múintear an foclóir Ghaeilge a bhaineann leis an gceacht go mbeidh na páistí compordach agus iad ag glacadh páirt sa cheacht agus ag soláthrú.

- ☐ Múineadh díreach, taispeántais srl ag an múinteoir ranga.

- ☐ Comhrá oscailte idir na múinteoirí agus na páistí.

**<u>Pleanáil OSPS sa Churaclam agus comhtháthú</u>**
Déanfar OSPS a chomhtháthú le hábhair eile de réir mar a oireann. Ba cheart am dhiscréideach a úsáid chun go mbeidh OSPS comhtháite les na hábhair eile.

**Clár Ama**

Beidh 30 nóiméad ar fáil in aghaidh na seachtaine chun OSPS a dhéanamh mar cheacht aonair.

Múintear an Curaclam thar tréimhse dhá bhliain.

**<u>Meon agus atmaisféar dearfa scoile a chothú</u>**
Déanaimid gach iarracht caidreamh oscailte idir mhúinteoirí agus páistí a chothú. Táimid ag iarraidh go mbeimid soshroichte do gach páiste.

**Seo a leanas na straitéisí atá in úsáid sa scoil chun atmaisféar sábháilte dearfa a chothú:**

- ☐ Cumsarsáid éifeachtach a chothú sa scoil
- ☐ Tabhairt faoi riachtanaisí aonair
- ☐ Timpeallacht fisiciúil a chuireann le sláinte na bpáistí
- ☐ Próiséis daonlathach a chothú
- ☐ Méadú fhéinmheas gach duine
- ☐ Meas ar éagsúlacht a chothú
- ☐ Teanga agus foclóir atá urramach agus cuimsitheach a chothú
- ☐ Cumarsáid cuí idir scoil agus baile a fhorbairt

**<u>Pleanáil agus Eagair in OSPS</u>**:
Cuireann na polasaithe mar gheall ar mhí-úsáid drugaí, bulaíocht, gaolta agus gnéas leis an bpleanáil san ábhar seo. Chomh maith le h-am faoi leith a thabhairt do OSPS ar amchlár an mhúinteora (30 nóiméad gach seachtain), beidh OSPS comhtháite le hábhair eile go minic.

**Measúnú**

Bíonn rath ar an gCuraclam OSPS nuair a bhíonn eispéiris foghlaimthe agus sóisialta maith ag an bpáiste ar scoil.

Ba cheart do mhúinteoirí an clár OSPS a fhoirfiú agus a fhorbairt go minic chun go n-oirfeadh sé do riachtanais, d'achair spéise agus d'ábaltacht aonair.

**Cur chuige agus Modheolaíocht**

Foghlaim gníomhach a bhíonn ar siúil sa cheacht OSPS ó thaobh múineadh agus foghlaim de. Mar sin, molaimid roinnt mhaith cur chuige éagsúla, mar shampla:

- ☐ Imeachtaí drámaíochta
- ☐ Cluichí comhoibriú
- ☐ Úsáid pictiúirí
- ☐ Griangrafanna gus dearc-íomhánna
- ☐ Imeachtaí scríofa
- ☐ Úsáid na meáin chumarsáide
- ☐ Ríomhairí

**Eagrúcháin**

Seo a leanas na polasaithe atá againn i nGaelscoil Inse Chór a bhaineann leis an gCuraclam OSPS:-

- ☐ Bulaíocht
- ☐ Mí-úsáid drugaí
- ☐ Na rialacha clóis agus ranga
- ☐ Bia folláin/Lónta folláin
- ☐ Oideachas caidreamh agus gnéasachta

**Achmhainní**

- ☐ Bí sábháilte
- ☐ Oideachas caidreamh agus gnéasachta (lámhleabhair)
- ☐ Bia folláin
- ☐ Busy bodies

**Cuairteoirí agus Labharthóirí**:

Uaireanta bíonn sé cuí cuireadh a thabhairt do dhaoine teacht chuig an scoil chun labhairt leis na páistí, mar shampla, Gardaí Phobail chun caint maidir le sábháilteacht srl. Glactar leis go mbeidh an múinteoir ag fanacht sa rang. Glacfaidh na múinteoirí leis na treoirlínte atá leagtha síos sa churaclam (treoirlínte do mhúinteoirí) chun labharthóirí a roghnú.

**Forbairt Fóirne**

Bíonn an Príomhoide ar fáil i gcónaí chun cabhrú le múinteoirí an rogha agus an pleanáil cuí a dhéanamh san OSPS. Tá achmhannaí a bhaineann le OSPS sa scoil agus tá siad ar fáil do chách agus iad lonnaithe sa seomra Tacaíocht Foghlama. Tugtar chun fios nuair atá cúrsaí ná seimineár ar siúil a bhaineann le OSPS.

**Tuismitheoirí**

Is iad na tuismitheoirí gur leo an príomh-fhreagracht as ucht an oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte. An post is mó atá againne sa scoil ná tacaíocht a thabhairt dóibh agus forbairt a dhéanamh ar an obair atá déanta sa bhaile.

**Nascanna leis an gcomhphobal**

Tugann muid gach tacaíocht agus seans don phobal a bheith páirteach i saol na scoile agus taispeáint do na páistí cad é a dhéanann siad chun cabhrú leis na páistí agus iad a choinneáil slán sábháilte. Seo a leanas roinnt do na daoine lena bhfuil nascanna ag an bpobal scoile leo:-

- ☐ Gardaí pobail
- ☐ Banaltraí/dochtúirí
- ☐ Cumainn spóirt
- ☐ Fear an phoist
- ☐ Fir dóiteáin
- ☐ Cumainn carthanachta

**Rólanna agus freagrachtaí**

Ba cheart don phobal scoile uile a bheith páirteach sa chlár OSPS chun go n-éireoidh leis go héifeachtach.

**Taisceadh**

Tá an plean seo taiscithe ag an mBord Bainistíochta Gaelscoil Inse Chór

**Cathaoirleach:**

**Príomhoide:**

*(Gné den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte)*

**Fealsúnacht**

Is Gaelscoil Caitliceach í Gaelscoil Inse Chór. Ta sé i gceist ag pobal na scoile idir daltaí, múinteoirí , tuistí agus an Bord Bainistíochta atmáisféar scoile a chruthú a thugann tacaíocht, agus cabhair agus a léiríonn meas ar a chéile. Chun an atmaisféar a chur i gcríoch is gá go mbeidh cumarsáid agus comhoibriú idir na páirtnéirí difrúla. Agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a mhúineadh go foirméalta agus go neamhfhoirméalta mar ghné den Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte, cuirfear ar chumas na bpáistí fás agus forbairt pearsanta a chur i gcríoch tri chomhoibriú idir na baill difrúla de phobal na scoile.

**Sainmhiniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta**

Tugann O.C.G. deiseanna do phaisti foghlaim faoi caidrimh agus gnéasachta ar bhealaí a chabhraíonn leo smaoineamh agus gníomhú ar bhealach atá morálta, freagrach agus ireach. Beidh O.C.G. mar pháirt den chlár 'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

**An Gaol atá ag O.C.G. le O.S.P.S.**

Tá O.C.G. mar pháirt den chlár 'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte'. Beidh sé i gceist in aon cheacht O.S.P.S., eolas sóiléir a thabhairt, fein mhúinín a fhorbairt, cabhrú leis na páistí cumarsáid a dhéanamh, rogha a dhéanamh agus mothuchán a chur in iúl go héifeachtach.

**Aidhmeanna**

Is iad aidhmeanna O.C.G. ná

- Cur le forbairt pearsanta, féinmheas agus folláine an phaiste.
- Cabhrú leis an bpáistecairdis agus caidrimh fholláine a fhorbairt.
- Tuiscint a chothú agus dearcadh folláin faoi ghnéasacht agus chaidrimh an duine laistigh de chreat morálta, spioradálta agus sóisialta
- A chur ar chumas an pháiste tuiscint agus urraim a bhaint amach i gcás grá daonna, caidreamh collaí agus atáirgeadh
- Mothú iontais agus uamhain a fhorbairt agus a chothú sa pháiste i leith an phróisis a bhaineann le breith agus le beatha nua.
- A chur ar chumas an pháiste a bheith compórdach lena gnéasacht féin agus le gnéasacht daoine eile fad atá sé/sí ag fás agus ag forbairt.

**An Churaclam**

Leanfaidh an scoil an curaclam mar atá leagtha amach ins na doiciméidí churaclam ón Roinn Oideachas agus Eolaíochta

## Naíonan Shóisir go Rang a Dó

Déanfar iniúchadh ar na topaic seo a leanas:

- -Tuairimí a chur in iúl agus éisteacht le tuairimí daoine eile
- an hathruithe difrúla ata ag tarlu dá chorp le linn do na páisti a bheith ag fás agus ag forbairt.
- Ag tabhairt aire do do chorpó thaobh codladh, aclaíocht agus sláinteachas
- Ag fanacht slán, cad le déanamh má tá siad amú
- Meas agus tuiscint ar saol teaglaigh
- Ag cothú cairdeas le daoine eile
- Ag titim amach le cairde
- Ag déanamh roghanna freagrach dá aois

## Rang a Trí go Rang a Sé

Déanfar iniúchadh ar na topaic seo a leanas:

- Ag tabhairt aire do do chorp ó thaobh codladh, aclaíocht agus sláinteachas
- Ag fanacht slán
- Na hathruithe difrúla ata ag tarlú dá chorp le linn do na páisti a bheith ag fás agus ag forbairt
- Conas a dhéantar páiste a ghinnúint agus a breith
- Mothúchán agus conas mothúchán a chur in iúl
- Meas agus tuiscint ar an dteaghlach
- Cairdeas
- Ag dáileáil le coimhlint
- Meastóireacht a dhéanamh ar an cur síos a thugtar ar caidrimh agus gnéasachta sna meáin chumarsáide

**Treoirlínte i dtaobh bainistíócht agus eagrú O.C.G.**

Leanfaidh an scoil na céimeanna seo a leanas:

1. Cur in iul i scríbhínn do thuismitheoirí go bhfuil na ceachtanna O.C.G. á dhéanamh ag an rang ag an am cuí.
2. An churaclam a bheith ar fáil do thuismitheoirí.
3. Cóip de na leathnach oibre ón gclár a chur abhaile leis na páistí.
4. Traenáil, tacaíocht agus cabhair a chur ar fáil do fhoireann na scoile.

5. Deiseanna a iniúchadh sa chaoi gur féidir le tuismitheoirí a bheith mar pháirt den cur i láthair.
6. Áiseanna teagaisc cuí a chur ar fáil do fhoireann na scoile.
7. Eolas a dháileadh faoi oíche traenála do thuismitheoirí.

8. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí.

**Dualgas ar Mhúinteoirí**


1. Tá sé le tuiscint go bhfuil an ceart ag aon mhúinteoir diúltiú an clár a mhúineadh. Caithfear an rogha seo a chur in iúl don Bhord Bainistíochta i bhfoirm scríbhínn. Sa chás seo, múinfidh an príomhoide na ceachtanna O.C.G.
2. Go nglactar leis go bhfuil ceart príobháideachas ag an múinteoir agus nach bhfuil dualgas orthu nithe óna s(h)aol phearsanta a nochtadh.
3. Go nglactar leis go bhfuil ceart príobháideachas ag an bpáiste agus nach gcuirfear brú orthu nithe óna s (h)aol phearsanta a nochtadh.
4. Má thagann aoíchainteoir ag an rang go bhfuil an dualgas ag an múinteoir fanacht sa seomra ranga agus ple a dhéanamh leis an aoíchainteoir faoi abhar na cainte roimh ré.
5. Meas a tháispeáint ar ionchur an bpáiste.


**Nithe Sochoraithe**


1. Glactar leis go mbeidh ceisteanna ag páistí agus go bhfuil na ceisteanna sin mar pháirt den próiseás foghlama. I gcás go gcuireann an páiste ceist faoi ábhar nach bhfuil mar pháirt den churaclam atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais, tabharfar an treoir seo a leanas don pháiste ' Go raibh maith agat don cheist. Nílimid ag plé an ábhar sin inniu ach beidh tú ag foghlaim faoi amach anseo (an bhlian seo chugainn, sa mheanscoil).Is féidir leat an cheist a chur ar do thuimitheoirí
2. I gcás na topaic corraitheach sna hardranganna (msh, miostriú srl), múinfear an rang mar chomhbhuíon agus ansin déanfar iad a roinnt. Ar an gcaoi seo, déanfar iarracht páistí a chur ar a gcompord.

**Acmhainní**

*Na Cláir*




Tá an litríocht chuí go léir le fáil ag:

https://pdst.ie/primary/healthwellbeing/RSE





**Tuismitheoirí**

Beidh litríocht chabhrach ar fáil i gcóir tuismitheoirí ar shuíomh na scoile ag:

http://gaelscoilinsechor.ie/en/oideachas-caidrimh-agus-gneasachta/

bí sábháilte

Polasaí Bí Sábháilte

Is cur chuige bunaithe ar an mbunscoil i leith mí-úsáid leanaí a chosc é an Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Páistí (Bí Sábháilte). Is é aidhm an chláir an baol a bhaineann le mí-úsáid leanaí agus le bulaíocht a mhaolú trí chlár oideachais um shábháilteacht phearsanta a sholáthar do leanaí bunscoile, trí fhorbairt ghairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí, trí oiliúint a sholáthar do Bhoird Bainistíochta agus trí sheisiúin faisnéise a sholáthar do thuismitheoirí.

Is clár scileanna um shábháilteacht phearsanta é an clár Bí Sábháilte do leanaí bunscoile, ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang 6. Is é aidhm an chláir cur le scileanna féinchosanta na leanaí trí rannpháirtíocht i gceachtanna ar chásanna sábháilte agus baolacha, ar bhulaíocht, ar theagmháil mhíchuí, ar rúin agus ar an mbaol ó strainséirí.

Is é aidhm an chláir na scileanna cuí a thabhairt do leanaí a chuirfidh ar a gcumas mí-úsáid agus íospairt a aithint agus cur ina n-aghaidh agus múineann sé dóibh gur cheart a rá le duine fásta atá in ann cabhair a thabhairt dóibh i gcónaí, má tharlaíonn aon rud a mheasann siad a bheith baolach, a chuireann isteach orthu, a dhéanann bagairt orthu, a bhíonn contúirteach nó a mbaineann mí-úsáid leis.

*The Stay Safe Programme is a primary school-based approach to the prevention of child abuse. The aim of the programme is to reduce vulnerability to child abuse and bullying through the provision of a personal safety education programme for children at primary school level, continuing professional development for teachers, training for Boards of Management and information sessions for parents.*

*The Stay Safe programme itself is a personal safety skills programme designed for use with primary school children from Junior Infants through to 6th class. The programme seeks to enhance children's self-protective skills by participation in lessons on safe and unsafe situations, bullying, inappropriate touch, secrets, telling and stranger danger.*

*The programme aims to give children the skills necessary to enable them to recognise and resist abuse/victimisation and teaches them that they should always tell (an adult that can help) about any situation which they find unsafe, upsetting, threatening, dangerous or abusive.*

Múintear an clár mar chuid den Churaclam OSPS gach dara bliain, sa dara théarma de réir na nósanna dea-chleachtas atá molta.

*Stay Safe is taught as part of the SPHE (Social Personal and Health Education) curriculum and as per best practice recommendations it will be taught on a rolling two-year cycle in the second term of the year.*

Spreagtar tuismitheoirí chun páirt a ghlacadh trí na téamaí cuí a phlé lena páistí agus seoltar abhaile leathanaigh oibre chuige seo.

*Parents/Guardians are encouraged to become involved by discussing each lesson with their child and helping their child to complete each worksheet based on the lessons in the programme.*

Tugann an scoil réamheolais do na tuismitheoirí i bhfoirm litir agus moltar dóibh breathnú ar an suíomh www.pdst.ie/staysafe

*Parents are informed in advance of commencement of teaching the Stay Safe Programme. They are directed to www.pdst.ie/staysafe to see the content of the lessons and for any further information they might need.*

Mura bhfuil tuismitheoirí ag iarraidh go nglacfaidh a pháiste páirt sa chlár iarrtar orthu litir a sheoladh ag míniú an fáth. Coimeádfaidh an scoil an litir i gcód an páiste.

*If a parent informs the school that they wish to withdraw their child from the Stay Safe Programme, a written record of their reasons for doing is required from the parent. This is retained on the child's school file.*

**Sínithe:**  **Dáta:**